# Vóta 18 Oifig an Ombudsman

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas seo, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bfeidhm in Oifig an Ombudsman. Tá na nithe seo a leanas i measc na n-oibreacha atá curtha i bhfeidhm, nó atá beartaithe, chun feabhas a chur ar rialú airgeadais inmheánach na h-Oifige seo:

Úsáideann an Oifig an Córas Forbartha Bainistiú Feidhmíochta (PMDS), chun riachtanais traenála na foirne d'aithint, agus áirítear ansin bainistiú airgeadais agus scileanna cuntasóireachta. Déantar an traenáil riachtanach a eagrú nú a fhostú de réir mar is cuí.

Anois, níos mó ná riamh, cuid bhunúsach de phróiseas straitéise agus gnó na h-Oifige is ea riosca a bhainistiú. Cuirtear é seo i bhfeidhm trí chláir riosca, trí phleananna straitéise agus gnó agus trí spriocanna PMDS áirithe.

Tá curtha i bhfeidhm ag an Oifig crua-earraí agus bogearraí deisce ríomhaireachta nua-aoiseacha, agus iad ar fáil ag an bhfoireann ar fad. Tá freastalaithe, líonraí agus córais, áiseanna cúltaca agus balla dóiteáin i bhfeidhm freisin. Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras seo i 2010 agus tá sé ag feidhmiú go héifeachtach.

Is é iniúchóir inmheánach na h-Oifige a dhéanann an rialú inmheánach seo a luacháil agus a fheidhmiú. Tá an obair seo á thacú ag Coiste Iniúchóireachta a bhfuil beirt bhall ón dtaobh amuigh páirteach ann. Ag forbairt na pleananna iniúchóireachta dóibh, tógann an Coiste ceann d'aon mholtaí a thiocfadh ón Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste ag éirí as iniúchadh ar an Cuntas Leithreasa.

Comhaontaíodh cumasc leis an Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Ombudsman tar éis faofa dul ar aghaidh a fuarthas ón Roinn Airgeadais. Teastaíonn athruithe reachtaíochta leis an gcumasc a chríochnú go foirmeálta. Chuathas ar aghaidh le gnéithe áirithe den chumasc roimh an reachtaíocht. Chomhaontaigh an dá eagraíocht Meamram Tuisceana i Mí na Nollag 2010, a phléann le cúrsaí riaracháin le bonn solúbtha a sholáthar don dá oifig. Is iad na réimsí a chlúdaítear sa Mheamram ná ceisteanna pearsanra a bhaineann le baill fhoirne CPSA, ceisteanna airgeadais agus bainistiú buiséad, oiliúint agus íocaíochtaí gaolmhara agus ceisteanna ginearálta foirne.

**Bernadette McNally**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman
12 Iúil 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 18: Oifig an Ombudsman le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig an Ombudsman. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2012

# Vóta 18 Oifig an Ombudsman
# Cuntas Leithreasa 2011

| | Seirbhís | 2011 Suim soláraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| | **Caiteachas cláir** | | | |
| A | Feidhm an Ombudsman | 4,769 | 4,432 | 4,537 |
| B | An Coimisiúin um Chaighdeáin in Oifig Poibil | 1,044 | 861 | 862 |
| C | Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 1,659 | 1,500 | 1,525 |
| | **Olliomlán** | **7,472** | **6,793** | **6,924** |
| | **Bain de** | | | |
| D. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **393** | **368** | **372** |
| | **Glaniomlán** | **7,079** | **6,425** | **6,552** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€653,534** | **€1,087,311** |

| | Riarachán | 2011 Suim soláraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| (i) | Tuarastail, pá agus liúntais | 5,909 | 5,535 | 5,556 |
| (ii) | Taisteal agus cothú | 53 | 34 | 42 |
| (iii) | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 490 | 268 | 398 |
| (iv) | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 86 | 67 | 69 |
| (v) | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 199 | 179 | 201 |
| (vi) | Costais áitreabh oifige | 238 | 205 | 153 |
| (vii) | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 115 | 50 | 162 |
| (viii) | Táillí dlí | 382 | 455 | 343 |
| | | **7,472** | **6,793** | **6,924** |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Pá | | | 5,535 | 5,556 |
| Caiteachas eile | | | 1,258 | 1,368 |
| **Olliomlán** | | | 6,793 | 6,924 |
| Bain de | | | | |
| **Leithreasa-i-gcabhair** | | | 368 | 372 |
| **Glaniomlán** | | | 6,425 | 6,552 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin | | (72) | | |
| Dímheas | | 82 | 10 | 42 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | | 115 | | |
| Laghdú ar stoc | | 1 | | |
| | | | 116 | (49) |
| **Caiteachas díreach** | | | 6,551 | 6,545 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 1,691 | 1,576 |
| **Costas iomlán oibriúcháin** | | | **8,242** | **8,121** |

### 1.1 Seirbhísí gaolmhara

Is ionann an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara agus na méideanna measta seo a leanas I ndáil le Vóta 18 a thabhaítear in áiteann eile.

| Vóta | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | 74 | 69[1] |
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 490 | 349 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,127 | 1,158 |
| | | **1,691** | **1,576** |

[1]Fágadh an figiúr ar lár go hearráideach i 2010.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | **204** | **214** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 290 | 154 |
| Stoic | 2.3 | 17 | 18 |
| Réamhíocaíochtaí | | 79 | 157 |
| Iarmhéideanna eile dochair | | 16 | 19 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **402** | **348** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 58 | 21 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.4 | 259 | 198 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.5 | 47 | (25) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **364** | **194** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **38** | **154** |
| **Glansócmhainní** | | **242** | **368** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **242** | **368** |

## 2.1 Ráiteas Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 950 | 477 | 1,427 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin[1] | (86) | — | (86) |
| Breiseanna | 46 | 26 | 72 |
| Diúscairtí | (35) | — | (35) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 875 | 503 | 1,378 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | 831 | 382 | 1,213 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin[1] | (86) | — | (86) |
| Dímheas don bhliain | 58 | 24 | 82 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (35) | — | (35) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | 768 | 406 | 1,174 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **107** | **97** | **204** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **119** | **95** | **214** |

[1]Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár sócmhainní, tháinig coigeartuithe na bliana roimhe sin chun cinn maidir le luachanna sócmhainní faoi leith agus dímheas gaolmhar.

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim
ag 31 Nollaig

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 290 | 151 |
| Comhardaithe eile d'airgead tirim | — | 3 |
| | 290 | 154 |

## 2.3 Stoic
ag 31 Nollaig

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 4 | 6 |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 13 | 12 |
| | 17 | 18 |

## 2.4 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suim atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 100 | 72 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 26 | 36 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 3 | 18 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 11 | 11 |
| | 141 | 137 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 37 | 34 |
| Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí | 81 | 27 |
| | 259 | 198 |

## 2.5 Glandliteanas chuig an Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas le tabhairt suas | 654 | 1,087 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (607) | (1,112) |
| Glandliteanas chuig an Státchiste | 47 | (25) |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 290 | 154 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 16 | 19 |
| | 306 | 173 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (141) | (137) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (118) | (61) |
| | (259) | (198) |
| | 47 | (25) |

## 3 Caiteachas Cláir

| | | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|---|
| **A** | **Feidhm an Ombudsman** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 4,124 | 4,006 | 3,938 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 645 | 426 | 599 |
| | | 4,769 | 4,432 | 4,537 |
| **B** | **An Coimisiúin um Chaighdeáin in Oifig Poibil** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 626 | 612 | 584 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | 418 | 249 | 278 |
| | | 1,044 | 861 | 862 |
| **C** | **Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 1,159 | 917 | 1,034 |
| C.2 | Riarachán - caiteachas eile | 500 | 583 | 491 |
| | | 1,659 | 1,500 | 1,525 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 25% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Teideal | Níos lú (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.2<br>B.2 | 219<br>169 | Tar éis cleachtaidh a cuireadh i gcrích ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, baineadh amach coigilteas maidir leis an dá cheannteideal i dtaca le costais teasa, solais agus bhreosla. Bhí an caiteachas a rinneadh i réimse na teileachumarsáide níos lú freisin tar éis tairiscint a dhéanamh don réimse céanna. Uaireanta bíonn sé deacair tuar cruinn a dhéanamh faoi na costais a bhaineann le comhairle dlí. Bhí na táillí dlí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i 2011.<br><br>Ina theannta sin bhí an caiteachas ar thaisteal agus ar liúntas cothaithe a gearradh do A.2 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus thit an caiteachas ar chúrsaí comhairleachta a gearradh do B.2 do leibhéal a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Ilghnéitheach | 5 | 6 | 9 |
| 2. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 388 | 362 | 363 |
| **Iomlán** | **393** | **368** | **372** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh. Níor chomhlíon aon toradh ar an vóta seo na critéir seo I 2010, áfach.

### 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

Lóistealádh an tsuim €7,413 do chuntas an Státchiste i ndáil le costais dlíthiúla a ghabhadh ar ais.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 87 | 88 |

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 5,256 | 5,273 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 19 | 29 |
| Ragobair | 33 | 41 |
| ÁSPC an Fhostóra | 227 | 213 |
| **Pá iomlán** | **5,535** | **5,556** |

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 € | Uasíocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 3 | 1 | 10,493 | 11,131 |
| Ragobair agus tinrimh bhreise | 20 | 2 | 10,487 | 11,793 |

**Nóta:** Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

### 5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Caitheadh suim de €8,446 ar ghradaim fhiúntais (lena n-áirítear 11 gradam ar leith ó €400 go €1,000).